Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 8 Feabhra 2022
(OR. fr)

5870/1/22
REV 1

Comhad Idirinstitiúideach:
2021/0366(COD)

ENV 96
CLIMA 50
FORETS 5
AGRI 34
RELEX 123

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Uachtaránacht |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe |
| Ábhar: | Rialachán maidir le táirgí atá bainteach leis an dífhoraoisiú agus leis an díghrádú foraoise a chur ar fáil ar mhargadh an Aontais agus a onnmhairiú ón Aontas<br>*Díospóireacht bheartais* |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san iarscríbhinn, nóta cúlra **athbhreithnithe** ón Uachtaránacht don díospóireacht beartais ar an ábhar thuasluaite ag an gcruinniú den Chomhairle (Talmhaíocht agus Iascach) an 21 Feabhra 2022.

Léirítear an téacs nua le hais an leagain roimhe seo i gcló trom, le líne faoi agus le líne tríd an téacs (lch 3, mír 6; lch 5, míreanna 3 agus 4).

<u>**IARSCRÍBHINN**</u>

**Nóta cúlra ón Uachtaránacht don Chomhairle Talmhaíochta agus Iascaigh an 21 Feabhra**

**Togra le haghaidh Rialachán maidir le tráchtearraí agus táirgí áirithe atá bainteach leis an dífhoraoisiú agus leis an díghrádú foraoise a chur ar fáil ar mhargadh an Aontais agus a onnmhairiú ón Aontas mar aon leis sin**

An 17 Samhain 2021, tharchuir an Coimisiún a thogra le haghaidh Rialachán maidir le tráchtearraí agus táirgí áirithe atá bainteach leis an dífhoraoisiú agus leis an díghrádú foraoise a chur ar fáil ar mhargadh an Aontais Eorpaigh agus a onnmhairiú ón Aontas mar aon leis sin. Is é an cuspóir nach gcuirfidh táirgí arna gceannach, arna n-úsáid agus arna dtomhailt ag saoránaigh ar mhargadh an Aontais leis an díghrádú foraoise ar fud an domhain.

Chun an cuspóir sin a bhaint amach, tá sé beartaithe ag an gCoimisiún **córas díchill chuí éigeantaigh** a bhunú do na hoibreoirí agus do na trádálaithe uile a chuireann na táirgí atá i gceist ar mhargadh an Aontais nó a onnmhairíonn iad ó mhargadh an Aontais mar aon le **measúnú comparáideach a dhéanamh ar na tíortha tionscnaimh** nó ar na tíortha ina dtáirgtear na táirgí. Go háirithe, is freagairt é an rialachán seo ar mhóréileamh ón tsochaí (mar a léiríodh leis an leibhéal ard rannpháirtíochta ar líne sa chomhairliúchán a thionscain an Coimisiún) atá nasctha go háirithe leis an ábhar imní faoi fhorbairt foraoisí ar an leibhéal domhanda (idir 1990 agus 2020, chaill an domhan 420 milliún heicteár d'fhoraoisí, limistéar atá níos mó ná limistéar an Aontais Eorpaigh féin).

Cabhróidh an rialachán seo leis na caighdeáin chomhshaoil chéanna a chur i bhfeidhm maidir le gach táirge a chuirtear ar mhargadh an Aontais, agus ceadófar leis dul i ngleic leis an athrú aeráide agus le cailliúint na bithéagsúlachta, agus rialacha an chórais trádála iltaobhaigh á n-urramú ag an am céanna. Beidh sé ríthábhachtach an comhar a neartú idir tíortha an Aontais agus tríú tíortha i ndáil leis sin. Leis na forálacha sin, neartófar tuilleadh na hearnálacha inbhuanaithe le haghaidh próitéine agus léagúmacha *vis-à-vis* táirgí a chumhdaítear leis an Rialachán, ar táirgí iad a ndéantar dífhoraoisiú orthu go minic.

Tabharfar aghaidh ar an gcaibidlíocht in earnáil an chomhshaoil, le díospóireacht an 17 Márta ag an gComhairle Comhshaoil. Pléadh an téacs i ngrúpa *ad hoc*[1] le saineolaithe ó na hearnálacha éagsúla lena mbaineann (comhshaol, talmhaíocht, foraoiseacht, trádáil, etc.) ón 24 Eanáir i leith. Sa chéad ghrúpa sin, ba dhíol sásaimh do na toscaireachtaí an téacs agus na prionsabail ghinearálta a ghabhann leis agus chuir siad roinnt réamhbharúlacha in iúl.

Leis an doiciméad sin a chuirtear faoi bhráid na Comhairle Talmhaíochta, tá sé i gceist cur le díospóireacht bheartais chun cur leis an obair, agus an taithí a fuarthas ó chur chun feidhme Rialachán Adhmaid AE (EUTR) ó 2013 i leith á chur san áireamh mar aon le héifeachtaí an togra ar na hearnálacha talmhaíochta agus foraoiseachta.

Beidh an taithí a fuair údaráis bhainistíochta EUTR luachmhar chun cur leis an díospóireacht seo, go háirithe chun na coinníollacha maidir le feidhmiú cuí an chórais díchill chuí a shoiléiriú, chomh maith leis an Rialachán a chomhordú a chur in iúl go cuí leis na cuspóirí a bhaineann leis an aistriú chuig geilleagar glas agus na dúshláin a bhaineann le beartais náisiúnta foraoiseachta.

I bhfianaise na mbreithnithe sin, moltar struchtúr a chur ar an díospóireacht bunaithe ar na pointí seo a leanas:

***Imlíne a shainiú i gcomhréir leis an gcuspóir maidir leis an dífhoraoisiú agus an díghrádú foraoise a chomhrac***

Is iad cuspóirí ginearálta an dréachtrialacháin íoslaghdú a dhéanamh ar an riosca go dtiocfadh táirgí ó shlabhraí soláthair an dífhoraoisithe agus an díghrádaithe foraoise isteach ar mhargadh na hEorpa, agus éileamh agus trádáil Eorpach a mhéadú le haghaidh táirgí agus tráchtearraí nach bhfuil aon tionchar acu ar an dífhoraoisiú.

[1] An Mheitheal *ad hoc* maidir le riosca an dífhoraoisithe agus an díghrádaithe foraoise atá bainteach le táirgí a chuirtear ar mhargadh an Aontais (An Mheitheal *ad hoc* maidir le Dífhoraoisiú)

Tá feidhm ag an Rialachán maidir le sé thráchtearra (caife, cócó, ola phailme, soighe, eallach, adhmad) agus a dtáirgí díorthaithe, agus tá clásal athbhreithnithe ann lena bhforáiltear gur féidir an raon feidhme a mhodhnú 2 bhliain tar éis an dáta cur chun feidhme. De réir an mheasúnaithe tionchair, is iad na sé thráchtearra sin is mó is cúis leis an dífhoraoisiú dar siocair an tAontas i measc na n-ocht dtráchtearraí a ndearnadh anailís orthu: ola pailme (33.95 %), soighe (32.83 %), adhmad (8.62 %), cócó (7.54 %), caife (7.01 %) agus mairteoil (5.01 %).

Ag Comhairle neamhfhoirmiúil na nAirí Comhshaoil in Amiens, tharraing roinnt óráidí aird ar an tábhacht a bhaineann leis an raon feidhme sin a leathnú chuig fóntais agus éiceachórais eile. Is cinnte go ndéanfar obair theicniúil bhreise ar an tsaincheist seo. D'fhéadfadh measúnú de chuid na n-airí talmhaíochta cabhrú leis an ábhar seo a shoiléiriú.

***Na príomhchoincheapa atá nasctha le treoirlínte na gconclúidí ón gComhairle an 15 Samhain 2021 maidir le Straitéis Foraoiseachta an Aontais Eorpaigh 2030 (13984).***

Ní mór foraoisí a chosaint i bhfianaise an ról tábhachtach a bhíonn acu *inter alia* sa mhéid seo a leanas:an t-athrú aeráide a mhaolú agus an bhithéagsúlacht a chaomhnú, agus cothabháil na bhfeidhmeanna eacnamaíocha atá fíor-riachtanach don fhorbairt áitiúil agus don aistriú chuig geilleagar níos glaise á áirithiú ag an am céanna.

Is é is aidhm do chur chun feidhme an Rialacháin an treocht maidir le cumhdach foraoise domhanda atá ag dul i laghad a aisiompú agus gan na foraoisí atá ann cheana a dhíghrádú. Tá feidhm ag an Rialachán i dtíortha an Aontais agus i dtríú tíortha araon. Maidir le tíortha an Aontais, cumhdaítear gach táirgeadh intíre do na sé thráchtearra roghnaithe, go háirithe adhmad (i gcás tríú tíortha, ní bhaineann sé ach le tráchtearraí a onnmhairítear chuig an Aontas). Dá bhrí sin, cumhdaíonn sé réimse leathan cásanna a bhaineann leis an bhforaoiseacht a mbeidh sé de chumas ag forálacha an téacs iad a chur san áireamh.

Ba cheart go bhféadfaí inneachar agus impleachtaí an téacs a shoiléiriú sa phlé a dhéanfar sa Chomhairle, go háirithe a shainmhínithe, ionas go bhféadfar cuspóirí an téacs a bhaint amach leis an Rialachán: srian a chur leis an meath ar chlúdach domhanda na bhforaoisí ina iomláine, éiceachórais na bhforaoisí a choinneáil i ndea-bhail agus ag an am céanna spriocanna uaillmhianacha a bhaint amach don aistriú chuig geilleagar níos glaise agus neodracht carbóin.

***Éifeachtacht an chórais díchill chuí a áirithiú***

Tá an togra le haghaidh Rialacháin bunaithe ar chóras uaillmhianach díchill chuí chun comhchreat inrianaitheachta a shainiú do na hoibreoirí agus do na **trádálaithe uile agus áirithítear leis inrianaitheacht ar fud an tslabhra soláthair agus feadh saolré na dtáirgí de thionscnamh ainmhíoch.**

Tríd an gcóras sin, tá sé d'oibleagáid ar oibreoirí a thugann earraí isteach nó a onnmhairíonn earraí […] **as** an Aontas, den chéad uair, na táirgí a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán a dhearbhú, ar dearbhú díchill chuí é a bhaineann le faisnéis a bhailiú faoi na táirgí sin agus a slabhra soláthair, anailís riosca agus, i gcás inarb iomchuí, na bearta maolaithe riosca arna sainaithint a chur chun feidhme.

Ní mór do na húdaráis inniúla córas rialaithe agus pionós a chur ar bun chun éifeachtacht an chórais a áirithiú.

Sa chomhthéacs sin, ní mór tuiscint shoiléir a bheith ag an bplé a dhéanfar sa Chomhairle ar impleachtaí na scéime díchill cuí agus ar na rialacha mionsonraithe maidir lena cur chun feidhme agus lena faireachán chun a áirithiú go mbeidh a cur chun feidhme éifeachtúil go hiomlán.

***Ceisteanna le plé***

I bhfianaise na ngnéithe sin, iarrtar ar na hairí a dtuairimí a thabhairt maidir leis na ceisteanna seo a leanas:

1. Cé na héiceachórais agus na tráchtearraí ba cheart a chur san áireamh mar ábhar tosaíochta chun go mbeidh an ghníomhaíocht Eorpach i gcoinne an dífhoraoisithe ar an gceann is ábhartha?

2. Ar bhonn na taithí náisiúnta a fuair sibh agus na prionsabail a leagtar amach sna Conclúidí ón gComhairle an 15 Samhain 2021 maidir le Straitéis Foraoiseachta an Aontais Eorpaigh, cad iad na príomhdhúshláin agus na príomhfhócais? Cé chomh mór a bhaineann príomhchoincheapa an téacs amach an cuspóir maidir leis an dífhoraoisiú agus an díghrádú foraoise a chomhrac, agus éagsúlacht na staideanna foraoise á cur san áireamh?

3. I bhfianaise na taithí atá agaibh ar EUTR a chur chun feidhme, cad iad na gnéithe tábhachtacha chun cur chun feidhme éifeachtúil an Rialacháin a áirithiú?